An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Dé Máirt 10 Samhain 2015

Tionóladh cruinniú den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in Institiúid Oideachais Marino ar 10 Mí na Samhna 2015.

I láthair: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Yvonne Ní Mhurchú, Elaine Ní Neachtain, Deirbhile Nic Craith, Séamus Ó Fearraigh, Seán Mac Nia, Marina Ní Threasaigh, Robbie Cronin, Dairíona Nic Con Iomaire, Aindrias Ó Muimhneacháin.

Aíonnna: Siuán Ní Mhaonaigh (do mhír amháin den chlár).

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Cathy Ní Chianaigh (Oifigeach feidhmiúcháin)

Leithscéalta: Sinéad Nic Giolla Cionnaigh.

Fáiltiú:

D'fháiltigh an Cathaoirleach roimh Dairíona Nic Con Iomaire, ionadaí Údarás na Gaeltachta, de bharr cúinsí eisceachtúla pearsanta, nach raibh ar a cumas a bheith i láthair ag an gcéad dá chruinniú boird.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Coimhlint Leasa	Cuireadh an dréachtpholasaí Choimhlint Leasa faoi bhráid an bhoird. Glacadh leis an bpolasaí.	
2. Miontuairiscí 6 Deireadh Fómhair 2015	Glacadh le miontuairiscí 6 Deireadh Fómhair 2015 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
3. **Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár**	**Togra ó BOOGR**	

	Pléadh iarratas le tacú le tionscadal TFC sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ceadaíodh an caiteachas. **Scoláireachtaí 3ú leibhéal** Tuairiscíodh go bhfuil scéim scoláireachta ann d'iarrthóirí Ardteiste ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus nach gá gur i scoil DEIS a bheidís. **Séideán Sí** Moladh forbairt a dhéanamh ar *Séideán Sí* chun é a bheith in oiriúint don churaclam teanga nua. Pléadh an phráinn atá ann tacaíocht agus breis oiliúna a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do mhic léinn triú leibhéal le go mbeadh an áis á húsáid mar is ceart.	
4. Tuairisc an Chathaoirligh	**Díospóireacht Oscailte faoin Oideachas Gaeltachta:** Pléadh an díospóireacht oscailte ar Mholtaí Polasaí don Soláthar Oideachais sa Ghaeltacht ar 19 Deireadh Fómhair sa Roinn Oideachais. D'fhreastail Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Ard-Rúnaí Roinn na Gaeltachta ar an ócáid, Príomhchigire	

	na Roinne agus ionadaithe ó na páirtithe leasmhara. Tá gach eolas agus taifeadadh de chuid den díospóireacht ar fáil ar www.education.ie . Foilseofar polasaí an rialtais san earrach. **Cruinniú leis an Roinn Oideachais & Scileanna:** ➢ **Meabhrán Tuisceana** Ní raibh an meabhrán tuisceana aistrithe go Béarla ag an Roinn Oideachais & Scileanna. ➢ **Buiséad COGG** Cuireadh in iúl go mbeadh méadú ar bhuiséad 2016 chun costas duine de na hoifigigh nua a chlúdach. Beidh ar COGG íoc as an dara oifigeach as an mbunbhuiséad. ➢ **Oifigigh Oideachais COGG** Scaipeadh an fógra a bheadh sna nuachtáin roimh dheireadh na seachtaine. Bhí an bord sásta leis an bhfógra. Pléadh an leabhrán eolais don chomórtas oscailte chun Oifigigh	

	Oideachais a cheapadh. **Athbhreithniú ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta:** Tuairiscíodh nach bhfuil COGG luaite sa Straitéis. Luadh nach gá do scoileanna Béarla measúnú Gaeilge a dhéanamh.	Soiléiriú a fháil ón Roinn
5. Tuairisc Airgeadais	Cuireadh tuairisc airgeadais faoi bhráid na gcomhaltaí.	
6. **Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh**	**Teagasc Críostaí sna bunscoileanna:** Tuairiscíodh gur beag dul chun cinn a bhí déanta le Veritas maidir le leagan Gaeilge an chláir 'Grow in Love'. Maidir leis an gclár nua Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus ar Eitic, luadh oiriúnacht an leabhair *'Seo é mo Chreideamh'.*	Fiosrófar costas cóip den leabhar a sheoladh chuig na bunscoileanna agus cearta a cheannach leis an leabhar a bheith ar fáil ar líne.
7. Tuairisc CNCM	Thug Oifigeach Oideachais CNCM tuairisc don bhord. **Bunleibhéal:** An comhairliúchán faoi Reiligiúin agus faoi Chreideamh agus Eitic ag leibhéal	

	na bunscoile faoi lánseol. Beidh dhá ghrúpa fócais ar siúl go luath maidir le Mata bunleibhéal. **Dara leibhéal** **An Ghaeilge sa tSraith Shóisearach** Tuairiscíodh gur scagadh an t-aiseolas ó fhóram CNCM a bhí ar siúl 7 Deireadh Fómhair. Tháinig sé chun solais go raibh móramh ag éileamh sonraíocht faoi leith do scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge. **Gearrchúrsa Gaeilge na Sraithe Sóisearaí:** Dearbhaíodh nach mbeifí ag dul chun cinn leis. Beidh comhairliúcháin don Eolaíocht Talmhaíochta agus don Eacnamaíocht ar siúl go luath ag CNCM. Tuairiscíodh go raibh moill ar an taighde faoi thionchar na n-athruithe siollabais ar chaighdeán na Gaeilge san Ardteist. Bhí an taighde le bheith curtha i gcrích i 2013.	
8. Plean margaíochta	Rinne an príomhfheidhmeannach teagmháil le comhairleoir ach freagra fós le teacht uaidh.	Teagmháil a dhéanamh leis an gComhairleoir arís.

9. **Córas meantóireachta (cur i láthair)**	Rinneadh cur i láthair ag an gcruinniú maidir le scéim phíolótach de chóras meantóireachta do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge (féach aguisín).	Soiléiriú a fháil faoi na ceisteanna a ardaíodh.
10. Aon ghnó eile	Pléadh an t-iarratas maoinithe maidir le leagan Gaeilge de thráchtas dochtúireachta. Ceadaíodh maoiniú a chur ar fáil do *O'Brien Press* do leabhair faoi Naomh Pádraig. Cruinnithe 2016: >Dé Máirt 19 Eanáir 2016 ag 11am >Déardaoin 25 Feabhra 2016 ag 11am >Dé Máirt 19 Aibreáin 2016 ag 11am >Dé Máirt 14 Meitheamh 2016 11am Beidh na cruinnithe ar siúl in Institiúid Oideachais Marino.	Déanfar teagmháil leis an iarratasóir maidir le costas an aistriúcháin.

Síniú an Chathaoirligh:

_____

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach)

Dáta: _____